# Comhairle Cathrach Chorcaí
# Cork City Council

Comhairle Cathrach Chorcaí
Cork City Council

# Fodhlíthe um Locadh i nDúglas, 2020

**COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ**

**FODHLÍTHE UM LOCTADH I NDÚGLAS, 2020**

**RIAR NA BHFODHLÍTHE**

**Cuid I**
**Réamhráiteach**

1. Lua
2. Tosach feidhme
3. Réim Feidhme
4. Léirmhíniú
5. Cúlghairmeacha

**Cuid II**
**Ticéad Loctha Íoc agus Taispeáin**

6. Locadh in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin
7. Feithiclí a Cheadaítear agus a Thoirmeasctar in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin
8. Oibleagáid i ndáil le Ticéad Bailí Loctha Íoc agus Taispeáin /Cead Bailí Loctha Áitritheora/Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe a Thaispeáint
9. Táillí Loctha agus Íocaíocht Íosta
10. Modh agus Am Íoca Táille Loctha
11. Tréimhse Loctha in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin
12. Toirmeasc ar locadh áirithe laistigh d'uair an chloig tar éis Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin a fhágáil
13. Athchóiriú/Deisiúchán ar Fheithicil
14. Srianta ar Úsáid Feithiclí in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin
15. Rialuithe Loctha a chur ar fionraí Laethanta Áirithe
16. Déanamh de réir Threoir an Mhaoir Thráchta
17. Cur isteach

**Cuid III**
**Cead Loctha Áitritheora**

18. Mionsonraí ar Chead Loctha Áitritheora
19. Iarratas ar Chead Loctha Áitritheora
20. Coinníollacha um Chead Loctha Áitritheora
21. Líon Cead Loctha Áitritheora
22. Cead i ndáil le Feithicil a Locadh a thaispeánann Cead Bailí Loctha Áitritheora
23. Cead Loctha Áitritheora a Eisiúint chuig Áitritheoirí Tithe Tiontaithe
24. Cead Bailí Loctha Áitritheora a Thaispeáint
25. Cead Loctha Áitritheora a Eisiúint, agus a Tháille
26. Cead Athsholáthair Loctha Áitritheora a Eisiúint
27. Cead Loctha Áitritheora a Thabhairt ar ais
28. Cead Loctha Áitritheora a Aistriú
29. Cáipéisí Góchumtha
30. Fianaise Bhreise a chur ar fáil

**Cuid IV**
**Coinníollacha i ndáil le Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe a úsáid**

31. Gan Feidhm a bheith le Fodhlíthe i ndáil le Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe
32. Srian le Locadh i gCuas Loctha do Dhuine Míchumasaithe
33. Oibleagáid i ndáil le Cead bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe a Thaispeáint
34. Tréimhse Loctha in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin
35. Cur isteach ar Chead Loctha Duine Mhíchumasaithe

**CUID V**
**Cead gan Meaisín(í) Ticéad Loctha agus/nó Áiteanna Loctha Íoctha a fheidhmiú**

36. Feidhmiú
37. Coinníollacha an cheada
38. Táillí cuí
39. Cead a eisiúint

**Cuid VI**
**Locadh d'Fheithiclí Leictreacha agus d'Fheithiclí Club Carr**

40. Locadh d'Fheithiclí Club Carr
41. Locadh d'Fheithiclí Leictreacha

**Cuid VII**
**Ilghnéitheach**

42. Gan Feidhm a bheith le Fodhlíthe
43. Srianta le Locadh
44. Corr-Thrádáil i gCarrchlóis
45. Séanadh

# Aguisíní

Aguisín I Táillí Ticéad Loctha

**SCEIDIL**

**Sceideal A - Crios A**: Sráideanna nó cuid de Shráideanna ina bhfuil teorainn le locadh trí mheán síneacha agus agus/nó línte go hAon Uair an Chloig agus faoi réir ticéad loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint idir 8.30am agus 6.00pm Luan go Satharn.

**Sceideal B - Crios B**: Sráideanna nó cuid de Shráideanna ina bhfuil teorainn le locadh trí mheán síneacha agus agus/nó línte go Trí Uair an Chloig agus faoi réir ticéad loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint idir 8.30am agus 6.00pm Luan go Satharn.

**Sceideal C - Crios C**: Carrchlóis nach bhfuil teorainn ama loctha iontu ach atá faoi réir, trí mheán síneacha agus/nó línte, ticéad loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint le linn na n-uaireanta seo a leanas:

- 8.30am go 6.00pm Luan go Satharn (Carrchlós Lion House)

**Sceideal D:** Sráideanna nó cuid de Shráideanna ina bhfuil teorainn le locadh trí mheán síneacha agus agus/nó línte d’fhonn locadh Áitritheora a cheadú agus a bhainistiú le linn na n-uaireanta 8.30am agus 6.00pm Luan go Satharn.

# Fodhlíthe Dhúglais, Chomhairle Cathrach Chorcaí 2020

**Teideal fada:**

Déanann Comhairle Cathrach Chorcaí (dá dtagraítear "an Chomhairle" anseo síos), i bhfeidhmiú:

**A.** Na gcumhachtaí a thugtar di le hAlt 107(7) den An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961 arna leasú le hAlt 6 agus le Sceideal an Achta um Thrácht ar Bhóithre 1968 agus le hAilt 4 agus 49 (1)(i) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994, agus

**B.** Na gcumhachtaí a thugtar di le hAlt 36 den An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994 (Uimh. 7 de 1994), tar éis comhairle Choimisinéir an Gharda Síochána agus tar éis fógra a fhoilsiú d'fhonn cheanglais Alt 35(6) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 a chomhlíonadh

na Fodhlíthe seo a leanas maidir le locadh feithiclí a rialú agus a rialáil i limistéir Dhúglais a shonraítear sna Sceidil anseo thíos.

**Gearrtheideal**

**1.** Féadfar "Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Chorcaí um Locadh i nDúglas, 2020" a ghairm de na Fodhlíthe seo

**Tosach feidhme:**

**2.** Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm an 25/05/2020.

**Réim Feidhme**

**3.** Baineann na Fodhlíthe seo leis an limistéar a chuimsíonn na codanna sin de bhailte fearainn na Gráinsí, an Bhaile Bhric agus Dhúglais atá laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Baineann na Fodhlíthe seo leis na hÁiteanna Loctha agus leis na Carrchlóis a luaitear i Sceidil A go D agus a shainítear iontu.

**Léirmhíniú**

**4. (1)** Sna Fodhlíthe seo:

Ciallaíonn **"Fianaise Inghlactha"** an méid seo a leanas: -

a) deimhniú árachais reatha a thugann le fios go ndéantar an fheithicil, a ndearnadh iarratas ar Chead Loctha Áitritheora ina leith, a choimeád go hiondúil ag seoladh an Áitritheora i Limistéar an Cheada Loctha Áitritheora lena mbaineann an cead;

agus

b) i gcás gurb é an t-iarratasóir úinéir na feithicle a bhfuiltear ag déanamh iarratais ar Chead Loctha Áitritheora ina leith agus go bhfuil an fheithicil faoi árachas ag a f(h)ostóir,

- deimhniú árachais an fhostóra, agus
- fianaise dhoiciméadach shásúil ón bhfostóir go bhfuil an t-iarratasóir i bhfostaíocht lánaimseartha na cuideachta, agus
- go bhfuil an fheithicil faoi árachas ag an gcuideachta;

nó

c) i gcás nach é an t-iarratasóir úinéir na feithicle a bhfuiltear ag déanamh iarratais ar Chead Loctha Áitritheora ina leith, ach go bhfuil úsáid na feithicle aige nó aici le linn a c(h)uid fostaíochta,

- deimhniú árachais an fhostóra don fheithiclí, agus
- fianaise dhoiciméadach shásúil ón bhfostóir, arb é nó í úinéir cláraithe na feithicle é nó í, go bhfuil an t-iarratasóir i bhfostaíocht lánaimseartha an úinéara cláraithe, agus
- go gcoimeádann an t-iarratasóir an fheithicil go hionúil ag seoladh an iarratasóra sa Limistéar Ceada Loctha Áitritheora lena mbaineann an cead;

agus

d) ach amháin i gcás pharagraf (c),

- deimhniú ceadúnaithe feithicle,
- leabhar clárathachta,

  agus

- diosca cánach reatha a dheimhníonn gurb é an tÁitritheoir atá ag déanamh iarratais ar Chead Loctha Áitritheora úinéir cláraithe na feithicle a bhfuiltear an déanamh iarratais ar Chead Loctha Áitritheora ina leith,

  agus

- go bhfuil an fheithicil cláraithe ag seoladh an Áitritheora sa Limistéar Ceada Loctha Áitritheora lena mbaineann an cead,

agus

e) ceadúnas tiomána nó ceadúnas sealadach in ainm an Áitritheora atá ag déanamh iarratais ar Chead Loctha,

agus

f) <u>dhá</u> bhille fóntais nó ráiteas airgeadais reatha,

- Leabhar Cíosa/Comhaontú Cíosa,

  agus

- cóip de litir dheimhnithe ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB), a admhaíonn clárú na tionóntachta leis an PRTB, arna seoladh chuig an Áitritheoir ag a s(h)eoladh sa limistéar ceada loctha lena mbaineann an cead loctha;

g) Tráth ar bith roimh dhul in éag an Cheada Loctha Áitritheora, féadfaidh an Chomhairle a iarraidh ar an té ar eisíodh cead chuige/chuici 'Fianaise Inghlactha' a sholáthar a shásóidh an Chomhairle go raibh an té sin i dteideal an cead a fháil. Déanfar aon iarraidh den sórt sin i scríbhinn chuig an duine ar eisíodh an cead chuige nó chuici ag an seoladh a thug an duine sin ar an bhfoirm iarratais;

g) I gcás nach soláthrófaí 'Fianaise Inghlactha' don Chomhairle laistigh de mhí amháin ó dháta an iarratais i scríbhinn, féadfaidh an Chomhairle, dá rogha féin, a mheas go bhfuil an Cead Loctha Áitritheora neamhbhailí agus an cead a chur ar ceal gan fógra breise;

Ciallaíonn **"Gníomhaire na Comhairle"** aon duine atá fostaithe le Comhairle Cathrach Chorcaí nó aon duine a údaraíonn an Chomhairle chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na Fodhlíthe seo, agus chun críche na bhFodhlíthe seo, áirítear air Maor Tráchta;

Ciallaíonn **"Limistéar Eadrána"** limistéar idir dhá áit loctha;

Ciallaíonn **"Uaireanta Gnó"** 8.30am go 6.00pm gach Luan go Satharn seachas Lá Saoire i gcás Chriosanna A, B agus C nó mar a chinnfear ó thráth go cheile le rún Chomhairle Cathrach Chorcaí;

Cuimsíonn **"Carrchlós"** gach ceann de na carrchlóis a leagtar amach sna Sceidil anseo thíos;

Ciallaíonn **"Club Carr"** club carr atá ceadúnaithe chuige sin ag an gComhairle;

Ciallaíonn **"Cuas Loctha d'Fheithicil Club Carr"** spás atá beartaithe d'Fheithicil Inneallghluaiste a locadh ina dtaispeántar Cead Feithicle Club Carr;

Ciallaíonn **"Cead Feithicle Club Carr"** Cead Feithicle Club Carr reatha a eisíonn údarás bóithre agus arna shainmhíniú sna Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh) 1997 (I.R. Uimh. 182 de 1997) arna leasú leis na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh) (Clubanna Carr agus Feithiclí a Chumhachtaítear go Leictreach) 2014 (I.R. Uimh. 325 de 2014)

tá le **"Corr-Thrádáil"** an bhrí a shanntar dó le halt 2 den Acht Corr-Thrádála 1995;

Ciallaíonn **"Ceadúnas Corr-thrádála"** ceadúnas a eisíonn an Chomhairle de bhun Alt 4 den Acht Corr-Thrádála 1995;

Ciallaíonn **"Teach/Foirgneamh Tiontaithe"** foirgneamh ar iar-theach cónaithe aonair é a athraíodh nó a tiontaíodh ionas go mbeidh 2 aonad tithíochta nó níos mó ann;

Ciallaíonn **"Duine Míchumasaithe"** - chun críche na bhFodhlíthe seo, duine a bhfuil Cead bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe ina sheilbh aige nó aici. Cuirtear an cead ar taispeáint go feiceálach laistigh den fheithicil ionas gur féidir a léamh ina iomláine go soiléir tríd an ngaothscáth tosaigh ón taobh amuigh den fheithicil;

Ciallaíonn **"Cuas Loctha do Dhuine Míchumasaithe"** spás sa charrchlós/ar an mbóthar poiblí chun críche locadh feithicle, ar duine míchumasaithe é nó í an tiománaí nó paisinéir inti agus a léirítear le Sín Tráchta Uimh. RRM 015 nó a léirítear mar sin le síneacha nó le marcálacha talún nó eile;
Ciallaíonn **"Feithicil a Chumhachtaítear go Leictreach"** Feithicil Inneallghluaiste a chumhachtaítear

(a) trí mheán ceallra in-athluchtaithe agus trína mheán sin amháin,

nó

(b) trí mheán ceallra in-athluchtaithe agus inneall dócháin inmheánaigh, lenar féidir ceachtar den dá fhoinse chumhachta a úsáid chun an fheithicil a ghluaiseacht;

Ciallaíonn **"Cuas Athluchtaithe d'Fheithicil a Chumhachtaítear go Leictreach"** spás atá beartaithe d'Fheithicil a Chumhachtaítear go Leictreach a locadh fad atá ceallra na feithicle á athluchtú agus a léirítear trí mheán Sín Tráchta Uimh. RRM 035;

Ciallaíonn **"Feithicil Earraí"** feithicil a úsáidtear go heisiach chun earraí a iompar agus atá faoi cháin chun críocha tráchtála;

Ciallaíonn **"Lá Saoire"** Aoine an Chéasta nó lá ar bith is Lá Saoire Poiblí chun críche an Achta um Laethanta Saoire (Fostaithe), 1973 (Uimh. 25 de 1973) arna leasú;

Ciallaíonn **"Pláta Faisnéise"** pláta a ghabhann le Sín Tráchta a léiríonn an tréimhse lena mbeidh feidhm leis na srianta nó na toirmisc a léirítear leis an tSín Tráchta;

Ciallaíonn "Cuas Lódála" an chuid sin den charrchlós/den bhóthar poiblí ag a bhfuil an bhrí a shanntar di le hAirteagal 42 de na Rialacháin Náisiúnta agus a léirítear trí mheán Sín Tráchta Uimh RRM 009 - lena ngabhann pláta faisnéise- a léiríonn amanna áirithe nach ndéanfar feithicil seachas feithicil earraí a úsáidtear chun críche luchtú nó díluchtú a locadh;

tá le **"Feithicil Inneallghluaiste"** an bhrí a shanntar dó le halt 3 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961;

Ciallaíonn **"Cuas Loctha"** spás i gcarrchlós/ar bhóthar poiblí atá beartaithe d'feithicil amháin a locadh agus a léirítear amhlaidh le síneacha nó marcálacha dromchla nó eile;

Ciallaíonn **"Táille Loctha"** táille a fhorordaítear sna Fodhlíthe seo don chuas/áit Loctha ina loctar an fheithicil;

Ciallaíonn **"Cead Loctha"** Cead Loctha Áitritheora a éisíonn an Chomhairle chun críocha Fhodhlíthe 18 go 30 agus ina bhfuil na mionsonraí a shonraítear i bhFodhlí 18.

Ciallaíonn **"Áit Loctha"** áit, spás nó cuas chun feithicil a locadh i Limistéar Loctha Ticéad ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós atá beartaithe d'Fheithicle Inneallghluaiste a locadh agus mar a gcuirtear ar fáil Sín Tráchta Uimh. RUS 018 agus aon cheann de na marcálacha bóthair seo a leanas RRM 011, RRM 012, RRM 013 nó RRM 014 nó RRM 016;

Ciallaíonn **"Ticéad Loctha Íoc agus Taispeáin"** ticéad loctha a eisíonn an Chomhairle, nó a gníomhairí, trí mheán meaisín ticéad Íoc agus Taispeáin agus ar a bhfuil na mionsonraí seo a leanas:

a) Na focail 'Comhairle Cathrach Chorcaí'
b) An táille a íocadh i leith an ticéid
c) Dáta agus am eisiúna an ticéid
d) An t-am a rachaidh an ticéad in éag
e) Suíomh eisithe an ticéid

Ciallaíonn**"Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin"** an carrchlós agus na bóithre poiblí i nDúglas a thuairiscítear i Sceidil A go D atá i gceangal leis seo i gcás ina bhfuil sé de choinníoll i ndáil le feithicil a locadh go dleathach go dtaispéanfaí ticéad bailí loctha réamhíoctha Íoc agus Taispeáin mar a fhoráiltear dó sna Fodhlíthe seo le linn tráthanna a thuairiscítear i Sceidil A go D thíos;

Ciallaíonn **"Bóthar Poiblí"** bóthar arb ann do cheart slí poiblí os a chionn agus a bhfuil freagracht a chothabhála ar údarás bóithre;

Ciallaíonn **"Áitritheoir"** duine ar áititheoir teaghaise é nó í agus a shásaíonn an Chomhairle go bhfuil a g(h)náth-áit teaghaise suite in Áit Loctha Íoc agus Taispeáin lena mbaineann an Ceada Loctha Áitritheora;

Ciallaíonn **"Cead Loctha Áitritheora"** doiciméad a éisíonn an Chomhairle chun críocha Fhodhlíthe 16 go 26 agus ina bhfuil na mionsonraí a shonraítear i bhFodhlí 16;

Ciallaíonn **"Limistéar Cead Loctha Áitritheora"** Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin ar bhóthar poiblí nó i gcarrchlós na Comhairle mar a léiríonn Sín Tráchta Uimh. RUS 018 mar aon le pláta faisnéise a ghabhann léi go bhfuil locadh feithiclí faoi réir ticéad loctha Íoc agus Taispeáin nó Cead Loctha Áitritheora a thaispeáint**;**

tá le **"Bóthar"** an bhrí a shanntar dó le halt 2(1) d'Acht na mBóithre 1993:

Ciallaíonn **"ród"** an chuid sin de bhóthar a chuirtear ar fáil, go príomha, d'úsáid feithiclí;

Ciallaíonn **"Meaisín Ticéad"** meaisín atá in ann ticéad loctha Íoc agus Taispeáin a sheachadadh go huathoibríoch ach a gcuirtear isteach sa mheaisín an táille loctha chuí a fhorordaítear leis na Fodhlíthe;

Ciallaíonn **"Limistéar Loctha Ticéad"** limistéar ar bhóthar poiblí nó áit, spás nó cuas chun feithicil a locadh i gcarrchlós poiblí atá beartaithe chun Feithiclí Inneallghluaiste a locadh mar a léiríonn Sín Tráchta Uimh. RRM 016 agus/nó Uimh. RUS 018 - mar aon le pláta(í)/sín faisnéise a ghabhann léi - go bhfuil locadh feithiclí faoi réir ticéad loctha réamhíoctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint;

Ciallaíonn **"An Chomhairle"** Comhairle Cathrach Chorcaí;

Tá le **"Sín Tráchta"** an bhrí a shanntar dó le hAlt 95 d'Acht 1961 arna leasú le hAlt 37 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 agus le Rialacháin arna ndéanamh faoi sin agus aon uimhir dá dtagraítear anseo i ndáil le Sín Tráchta sin í an uimhir a shanntar do shín den sórt sin i Rialacháin den sórt sin;

Tá le **"Maor Tráchta"** an bhrí a shanntar dó le hAlt 2 den Acht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta) 1975 (Uimh. 14 de 1975) arna leasú le hAlt 12(2) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2002 agus le hAlt 15(2) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2006;

Ciallaíonn **"Monaí Bailí"** an monaí a shonraítear ar an meaisín cuí Íoc agus Taispeáin;

Ciallaíonn **"Cead Bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe"** Cead reatha Loctha Duine Mhíchumasaithe a éisítear de bhun fhorálacha na Rialachán um Thrácht ar Bhóithre (Trácht & Locadh) 1997 go 2014 nó a aithnítear faoi na rialacháin sin;

Ciallaíonn **"Cead Bailí Loctha Áitritheora"** cead loctha a bhaineann le hÁit Loctha áirithe Íoc agus Taispeáin agus le tréimhse nach ndeachaigh an éag, a eisíonn an Chomhairle i leith na hÁite Loctha Íoc agus Taispeáin ina bhfuil an fheithicil loctha agus a dhéanann úsáideoir an cheada a thaispeáint nó a úsáid de réir bheartas agus threoracha úsáide na Comhairle, a fhéadtar a leasú ó thráth go chéile;

Ciallaíonn **"Ticéad Loctha Bailí Íoc agus Taispeáin"** ticéad loctha Íoc agus Taispeáin nach bhfuil dulta in éag, atá bailí san Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin ina bhfuil an fheithicil loctha agus atá ar taispeáint de réir Fhodhlí 8;

Ciallaíonn **"Feithicil"** Feithicil Inneallghluaiste, cé is moite de chathaoir rothaí inneallghluaiste nó rothar cos – mótorcharr, carr fada nó feithicil paisinéirí phríobháideach a bhfuil cóiríocht aici do líon nach mó ná seachtar gan an tiománaí a áireamh;

Ciallaíonn **"Crios"** Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin nó roinnt Áiteanna Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin lena mbaineann Cead Loctha Áithritheora áirithe.

**4.(2)** Bainfidh aon tagairt sna Fodhlíthe seo do phláta faisnéise a a ghabhann le Sín Tráchta, mura sonraítear a mhalairt, le pláta faisnéise a léireoidh an tréimhse (ar a n-áireofar na laethanta agus na huaireanta) lena mbeidh feidhm leis an gcead, leis an srian nó leis an toirmeasc a léirítear ar Shín Tráchta den sórt sin.

**4.(3)** **(a)** Sna Fodhlithe seo - is ionann aon tagairt d'airteagal nó do sceideal, nach sainítear ar shlí eile, agus tagairt d'airteagal de chuid na bhFodhlithe seo nó do sceideal a ghabhann leo.

(b) Sna Fodhlithe seo - is ionann aon tagairt d'fho-alt, do mhír, nó d'fho-mhír, nach sainítear ar shlí eile, agus tagairt d'fho-alt, do mhír, nó d'fho-mhír na forála ina dtarlaíonn an tagairt.

(c) Sna Fodhlithe seo - áirítear le tagairt do reacht nó do mhír nó d'fho-mhír inti aon leasuithe nó ath-achtúcháin an chéanna a bheidh i bhfeidhm de thurus na huaire agus aon ionstraimí reachtúla, orduithe, rialacháin de thuras na huaire a dhéantar, a eisítear nó a thugtar faoi sin nó a dhíorthaíonn bailíocht uaidh sin agus léireofar tagairt d'aon achtúcháin ina tagairt don achtúchán arna leasú de bhun aon achtúcháin dá éis sin.

**Cúlghairmeacha**

**5.** Déantar Fodhlíthe Chomhairle Contae Chorcaí um Rialú Loctha I nDúglas 2016 a chúlghairm le héifeacht theacht i bhfeidhm na bhFodhlíthe seo.

## Cuid II

## Locadh Ticéad Íoc agus Taispeáin

### Locadh in Áiteanna Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin

**6.** (1) Beidh Áiteanna Loctha a leagtar amach i Sceidil A go D anseo thíos faoi rialú locadh "ticéad loctha Íoc agus Taispeáin". Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas i ndáil le feithicil a locadh in "Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin":

(a) faoi réir Fhodhlí 6(2) déanfar feithicil a loctar in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin, i gcás go gcuirtear cuasa loctha ar fáil ag an Áit sin Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin, a locadh laistigh den limistéar a chuimsíonn cuas loctha,

(b) maidir le feithicil a bhí loctha in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin le linn uaireanta gnó don uastréimhse cheadaithe san Áit sin Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin, mar a léirítear ar an meaisín cuí loctha ticéad Íoc agus Taispeáin de réir Fhodhlíthe 11 agus 12 , ná déantar a locadh arís le linn uaireanta gnó in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin ar an mbóthar poiblí nó sa charrchlós ina bhfuil an Áit sin Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin suite **go dtí uair an chloig ar a laghad** tar éis don fheithicil sin a bheith loctha san Áit sin Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin,

(c). ná déantar feithicil a locadh i limistéar eadrána,

(d). ní foláir d'fheithicil a loctar Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin tráth nach le linn uaireanta gnó é ticéad bailí loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint nuair a thosaíonn tréimhse uaireanta gnó de réir Fhodhlí 8,

(e). i gcás gur feithicil earraí atáthar a locadh in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin le linn uaireanta gnó í feithicil a lochtar le linn earraí a bheith á luchtú go gníomhach inti nó uirthi nó á ndíluchtú di, ní bheidh feidhm ag Fodhlí 8(1) go dtí go mbeidh 30 nóiméad caite tar éis thús an loctha;

(f). ná déantar feithicil a loctar in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin, i gcás go gcuirtear cuasa loctha ar fáil ag an Áit sin Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin, a locadh i suíomh nó i riocht nó i gcúinsí ba chúis nó ba dhóchúla ba chúis le dochar do dhaoine eile a úsáideann an Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin, d'úsáideoirí eile bóthair/carrchlóis nó do choisithe, nó a chuirfeadh bacainn le saorshreabhadh tráchta laistigh den bhóthar/charrchlós,

(g). ná déantar feithicil a locadh i suíomh a fhágann go síneann sí, nó aon chuid di, ó Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin/Chuas Loctha amháin go ceann eile,

(2) D'ainneoin Fhodhlí 6(1)(a) agus Fhodhlí 6(1)(c) de seo, féadfaidh feithicil a loctar i gcuas loctha síneadh isteach i limistéar eadrána in aice láimhe má choisceann fad na feithicle í a locadh go hiomlán de réir pharagraf (1)(a) agus pharagraf (1)(c) den Fhodhlí seo.

(3) I gcás go ndéanann meaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin don Áit sin Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin ina loctar feithicil mífheidhmiú nó nach bhfuil sé ar deil, ní mór ticéad bailí loctha Íoc agus Taispeáin a fháil ó mheaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin atá ar deil san Áit chéanna Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin de réir Fhodhlí 8.

**Feithiclí a Cheadaítear agus a Thoirmeasctar in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin**

**7.(1)** Féadfar feithiclí innealghluaiste, de na haicmí seo a leanas amháin, agus iadsan amháin a locadh in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin le linn uaireanta gnó;

(i) mótorcharr, carr fada nó feithicil paisinéirí phríobháideach a bhfuil cóiríocht aici do líon nach mó ná seachtar gan an tiománaí a áireamh agus nach bhfuil leantóir nó feithicil eile á tarraingt aige nó aici

(ii) feithicil earraí nach mó ná 3 thona a meáchan neamhualaithe agus nach bhfuil leantóir nó feithicil eile á tarraingt aici.

**(2)** Ná loctar na feithiclí seo a leanas in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin

- feithicil paisinéirí a bhfuil cóiríocht aici do líon níos mó ná seachtar gan an tiománaí a áireamh agus/nó a bhfuil leantóir nó feithicil eile á tarraingt aici
- feithicil earraí ar mó ná 3 thona a meáchan neamhualaithe agus/nó a bhfuil leantóir nó feithicil eile á tarraingt aici.
- Mótar-rothar

- Leantóir
- Carbhán
- Veain champála
- Bád nó leantóir báid

**Oibleagáid i ndáil le Ticéad Bailí Loctha Íoc agus Taispeáin /Cead Bailí Loctha Áitritheora/Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe a Thaispeáint**

**8. (1)** Déanfar ticéad bailí loctha Íoc agus Taispeáin, nó

- cead baile loctha Áitritheora, nó
- Cead bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe

a thaispeáint mar a shonraítear san Fhodhlí seo ar an taobh istigh d'fheithicil a loctar go dleathach in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin.

**(2)** Déantar ticéad bailí loctha Íoc agus Taispeáin/cead bailí loctha Áitritheora/Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe a thaispeáint taobh istigh den fheithicil ionas go mbeidh sé le feiceáil go soiléir agus ina iomláine tríd an ngaothscáth tosaigh le gur féidir le duine lasmuigh den fheithicil a dhéanamh amach an uair a scoilfidh an ticéal loctha Íoc agus Taispeáin/an cead loctha de bhailíocht a bheith aige, agus,

**(3)** Déantar an ticéad bailí loctha Íoc agus Taispeáin/ Cead bailí loctha Áitritheora/Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe a thaispeáint de réir pharagraf (2) den Fhodhlí seo fad a bheidh an fheithicil loctha san Áit sin Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin.

**(4)** Ní bhainfidh an oibleagáid i ndáil le Ticéad bailí Loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint faoin bhFodhlí seo le cuas loctha i gcás a mbíonn an meaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin don chuas loctha sin ar fionraí go sealadach ó oibriú le cead Chomhairle Cathrach Chorcaí.

**Táillí Loctha agus Íocaíocht Íosta**

**9. (1)** Taispeántar na táillí atá iníoctha ar an meaisín cuí ticéad loctha Íoc agus Taispeáin, agus mar a leagtar amach in Aguisín I de na Fodhlíthe seo.

**(2)** Féadfar na táillí seo a athrú ó thráth go chéile de réir mar a shocraítear le rún Chomhairle Cathrach Chorcaí.

**(3)** Féadfar modh oibríochtaí agus córais na dtáillí sna Carrchlóis agus sna hÁiteanna Loctha a liostaítear sna Sceidil anseo thíos a athrú ó am go ham de réir mar a shocraítear le rún Chomhairle Cathrach Chorcaí.

**(4)** Is é an táille loctha is iníoctha ar thicéad Íoc agus Taispeáin do locadh ar bhóithre poiblí 20 cent in aghaidh gach tréimhse leanúnach loctha nach faide ná 15 nóiméad agus ar bhonn pro rata in aghaidh aon tréimhse loctha go dtí an uastréimhse a cheadaítear san Áit sin Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin mar a léirítear ar an meaisín cuí loctha ticéad Íoc agus Taispeáin de réir Fhodhlí 11.

**(5)** Is é an táille loctha is iníoctha ar thicéad Íoc agus Taispeáin do locadh i gcarrchlóis:

- 25 cent in aghaidh gach tréimhse leanúnach loctha nach faide ná 15 nóiméad agus ar bhonn pro rata in aghaidh aon tréimhse loctha go dtí an uastréimhse 3 uair an chloig;

nó

- €3 don lá ar fad; mar a cheadaítear san áit sin loctha ticéad Íoc agus Taispeáin mar a léirítear ar an meaisín cuí loctha ticéad Íoc agus Taispeáin de réir Fhodhlí 11.

**Modh agus Am Íoca Táille Loctha**

**10. (1)** Ceannaítear ticéad loctha Íoc agus Taispeáin ó mheaisín cuí ticéad loctha Íoc agus Taispeáin.

**(2)** Beidh an táille ar an ticéad loctha Íoc agus Taispeáin iníoctha trí mheán aon mheascáin de mhonaí bailí, nó, i gcás ina gcuirtear an áis ar fáil, le cárta íoca nó le fón póca.

**(3)** Más infheidhme, déantar airgead tirim a íoc ach an táille chuí don am loctha is gá a chur isteach sa mheaisín cuí ticéad loctha Íoc agus Taispeáin agus déanamh de réir na dtreoracha ar an meaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin chun ticéad bailí loctha Íoc agus Taispeáin a fháil.

**(4)** Más infheidhme, déantar íocaíocht le cárta íoca ach an cárta íoca a chur isteach sa mheaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin, an gaireas/cárta íoca a svaidhpeáil nó a chnagadh mar is cuí agus déanamh de réir na dtreoracha ar an meaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin chun ticéad bailí loctha Íoc agus Taispeáin a fháil.

**(5)** Más infheidhme, déantar íocaíocht le guthán póca ach nascadh le láithreán réamhchláraithe agus déanamh de réir na dtreoracha ar an nguthán nó ar an meaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin chun ticéad bailí loctha Íoc agus Taispeáin a fháil;

**(6)** Taispeántar an ticéad bailí loctha Íoc agus Taispeáin láithreach ar locadh ar an gcoinníoll, i gcás go loctar feithicil ag am nach le linn uaireanta gnó é, go mbeidh an ticéad bailí loctha Íoc agus Taispeáin ar taispeáint de réir Fhodhlí 6 agus Fhodhlí 8 ag tús uaireanta gnó.

**Tréimhse Loctha in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin**

**11.** Ná déantar feithicil a loctar in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin le linn uaireanta gnó a locadh amhlaidh ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse a léirítear ar an tsín chuí Íoc agus Taispeáin, mar an uastréimhse dá gceadaítear locadh ar an lá sin san Áit sin Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin.

**Toirmeasc ar locadh áirithe laistigh d'uair an chloig tar éis Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin a fhágáil**

**12.** Ná déantar feithicil a loctar in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin a locadh arís in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin ar an mbóthar poiblí céanna nó sa charrchlós céanna ina bhfuil an Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin suite go dtí **uair an chloig ar a laghad** tar éis don fheithicil an Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin a fhágáil roimhe sin.

**Athchóiriú/Deisiúchán ar Fheithicil**

**13.** Ná déanadh duine athchóiriú nó obair dheisiúcháin ar fheithicil le linn di a bheith loctha in Ait Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin, ach amháin nuair is gá é sin a dhéanamh ionas gur féidir an fheithicil a aistriú ón Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin.

**Srianta ar Úsáid Feithiclí in Áit Loctha Íoc agus Taispeáin**

**14.** Ná húsáidtear feithicil le linn di a locadh in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin chun earraí, ticéid nó aon seirbhís a dhíol san fheithicil nó uaithi nó amhail oifig, ná ná tairgtear nó ná taispeántar aon fheithicil den sórt sin ar díol nó ar fruiliú, nó ina duais, gan toiliú i scríbhinn a iarraidh agus a fháil ón gComhairle roimh ré.

**Rialuithe Loctha a chur ar fionraí Laethanta Áirithe**

**15**. Ní bheidh feidhm le rialuithe loctha íoctha in aon Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin le linn Lá Saoire, mar a shainmhínítear anseo thuas.

**Déanamh de réir Threoir an Mhaoir Thráchta**

**16.** Comhlíonadh duine a úsáideann Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin aon treoir dhleathach a thabharfaidh Maor Tráchta, gníomhaire de chuid na Comhairle nó comhalta an Gharda Síochána, maidir le feithicil a locadh sa Charrchlós nó a aistriú ón Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin nó i ndáil le haon cheanglas eile de chuid na bhFodhlíthe seo.

**Cur isteach**

**17. (1)** Ná cuireadh duine monaí, earra nó réad, seachas cárta íoca nó an monaí a shonraítear chun ticéad loctha Íoc agus Taispeáin a cheannach, isteach i meaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin, nó ná cuireadh sé nó sí isteach ar bhealach ar bith eile ar mheaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin.

**(2)** Ná cuireadh aon duine seachas Maor Tráchta, gníomhaire de chuid na Comhairle nó comhalta den Gharda Síochána isteach ar aon bhealach le cochall, le sín nó le gaireas eile a chuirtear ar mheaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin.

**(3)** Ná déanadh duine cur isteach ar mheaisín ticéad loctha Íoc agus Taispeáin, ná é a athrú nó a aghlot.

**(4)** Sa chás go loctar feithicil a bhfuil Cead Loctha Áitritheora/Duine Mhíchumasaithe ar taispeáint inti sa Charrchlós ná cuireadh duine isteach ar an gcead loctha nó ná baineadh sé nó sí de nó ná hathródh sé nó sí ar bhealach ar bith é.

(5) Ná cuireadh duine isteach ar bhealach ar bith ar Mhaor Tráchta, ar ghníomhaire de chuid na Comhairle nó ar chomhalta den Gharda Síochána, ná é nó í a bhac, ná cur as dó nó di i gcomhlíonadh a d(h)ualgais dó nó di faoi na Fodhlíthe seo, lena n-áirítear cur i ngníomh aon oibre a bhaineann le leagan amach nó cothabháil aon chuid den Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin ag foireann na Comhairle nó ag a gníomhairí.

**(6) (a)** Tugadh duine a úsáideann Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin a (h)ainm agus a s(h)eoladh ar iarratas Maoir Thráchta, ghníomhaire na Comhairle nó chomhalta an Gharda Síochána.

**(b)** Ná déanfadh aon duine in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin cur i gcoinne Maoir Thráchta, nó ghníomhaire na Comhairle nó bac leis nó léi, ná cuidiú le duine eile nó é nó í a ghríosadh chun cur i gcoinne Maoir Thráchta nó ghníomhaire na Comhairle nó bac leis nó léi i gcomhlíonadh a c(h)uid dualgas agus cumhachtaí dó nó di faoi na Fodhlíthe seo nó i bhfeidhmiú dleathach a (h)údaráis.

**(c)** I gcás go n-iarrann Maor Tráchta, gníomhaire na Comhairle nó comhalta den Gharda Síochána ar dhuine éirí as nó imeacht as Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin, comhlíonadh sé/sí iarratas den sórt sin agus aistríodh sé/sí a feithicil láithreach.

(7) Déanfaidh Maor Tráchta nó gníomhaire de chuid na Comhairle, arna iarraidh sin dó/di, fianaise ar a c(h)éannacht agus ar a (h)údarú ón gComhairle nó óna gníomhairí a sholáthar do dhuine a líomhnaíonn sé/sí ina leith gur sháraigh sé nó sí na Fodhlíthe seo, nó ar iarradh air nó uirthi Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin a fhágáil faoi Fhodhlí 17(6).

**Cuid III**
**CEAD LOCTHA ÁITRITHEORA**

**Mionsonraí ar Chead Loctha Áitritheora**

**18.** Bíodh na mionsonraí seo a leanas ar Chead bailí Loctha Áitritheora

a. na focail 'Comhairle Cathrach Chorcaí';
b. uimhir sheicheamhach an Cheada Loctha Áitritheora;
c. uimhir aitheantais (ID) an chustaiméara;
d. déanamh/cuspa agus cláruimhir na feithicle ar eisíodh ina leith é;
e. an Áit/Crios Loctha Ticéad lena mbaineann sé;
f. uimhir an cheada;
g. an dáta éaga;
h. síniú an duine ar eisíodh chuige nó chuici é.

Féadfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí athbhreithniú a dhéanamh ar na mionsonraí seo ó thráth go chéile

**Iarratas ar Chead Loctha Áitritheora**

**19.** Déantar iarratas ar Chead Loctha Áitritheora ar fhoirm iarratais údaraithe a gheofar ón gComhairle.

**Coinníollacha um Chead Loctha Áitritheora**

**20**. Beidh Cead Loctha Áitritheora faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an gComhairle dá lánrogha féin. Ní dhéanfaidh an Chomhairle iarratas ar Chead Loctha Áitritheora a mheas ach amháin sa chás:

a. gur sheol an t-iarratasóir foirm iarratais chomhlánaithe isteach;
b. gur urscaoil an t-iarratasóir an táille iarratais arna shocrú ag an gComhairle le haghaidh iarratas den sórt sin;
c. go soláthraíonn an t-iarratasóir fianaise dhoiciméadach is inghlactha leis an gComhairle chun a dheimhniú gur Áitritheora é nó í an t-iarratasóir sa limistéar Cónaithe ina bhfuiltear ag lorg Cead Loctha Áitritheora ina leith agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin thuas, beidh an Chomhairle i dteideal a shonrú ar an bhfoirm iarratais na cineálacha nó na catagóirí fianaise doiciméadaí is sásúil leis;

agus

d. gurb é an t-iarratasóir úinéir cláraithe na feithicle a bhfuiltear ag lorg an Cheada Loctha Áitritheora ina leith

nó

go sásaíonn an t-iarratasóir an Chomhairle go bhfuil an fheithicil a bhfuiltear ag lorg an Cheada Loctha Áitritheora ina leith faoi úinéireacht fhostóir an iarratasóra, (nó tríú páirtí eile), a thoilíonn leis an iarratas

agus

gurb é an t-iarratasóir príomhúsáideoir na feithicle sin agus go soláthraíonn sé nó sí fianaise is inghlactha leis an gComhairle maidir le húinéireacht chláraithe nó úsáid den sórt sin.

e. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart dá lánrogha féin iarratas ar Chead Loctha Áitritheora a dheonú nó a dhiúltú.

**Líon Cead Loctha Áitritheora:**

**21.** In aon bhliain amháin, déanfaidh an Chomhairle, ar iarratas, Cead Loctha Áitritheora a eisiúint don Limistéar Ceada Loctha Áitritheora ina bhfuil cónaí ar an iarratasóir, nó laistigh de limistéar loctha Ceada Áitritheora in aice láimhe, faoi réir uaslíon <u>aon Chead Loctha Áitritheora amháin in aghaidh na teaghaise</u>, faoi réir Fhodhlí 23 agus ach a soláthróidh an t-iarratasóir fianaise inghlactha agus líon leordhóthanach spásanna loctha a bheith ar fáil chun freastal ar an éileamh. I gcúinsí eisceachtúla agus infhógartha féadfar an dara cead in aghaidh na teaghaise a eisiúint. Sa chás go bhfuil teaghais dá n-eisítear an dara cead suite i gcrios uair an chloig, mar a leagtar amach i Sceideal A, eiseofar an dara cead do chrios loctha trí uaire an chloig in aice láimhe.

**Cead i ndáil le Feithicil a Locadh a thaispeánann Cead Bailí Loctha Áitritheora**

**22.** (1) Faoi réir Fhodhlí 8 ceadófar d’úinéir na feithicle (nó d’aon duine a úsáideann í lena t(h)oiliú sin), ach Áit Loctha bailí a bheith ar fáil, í a locadh sa sa limistéar ceada loctha Áitritheora lena mbaineann an cead gan teorainn ama, mura luaitear a mhalairt ar an bpláta faisnéise sa chás go dtaispeánfar

Cead bailí Loctha Áitritheora ar fheithicil ar eisíodh Cead Loctha Áitritheora ina leith;

**Cead Loctha Áitritheora a Eisiúint chuig Áitritheoirí Tithe Tiontaithe:**

**23.** I gcás gurb é atá i bhfoirgneamh teach tiontaithe ina bhfuil níos mó ná dhá aonad tithíochta is é líon iomlán na gCead Loctha Áitritheora a fhéadfaidh Áitritheoirí na n-aonad tithíochta san fhoirgneamh sin a bheith ina seilbh acu i gcomhthráth ná dhá cheann, faoi réir teorainn aon Cheada Loctha amháin in aghaidh an aonaid tithíochta agus faoi réir fianaise inghlactha a sholáthar;

**Cead Bailí Loctha Áitritheora a Thaispeáint**

**24.** Cuirtear Cead bailí Loctha Áitritheora ar taispeáint go feiceálach laistigh den fheithicil ar eisíodh an cead sin ina leith ionas gur féidir a léamh go soiléir agus ina iomláine tríd an ngaothscáth tosaigh ón taobh amuigh den fheithicil de réir Fhodhlí 8;

**Cead Loctha Áitritheora a Eisiúint, agus a Tháille**

**25. (1)** Féadfaidh an Chomhairle Cead Loctha Áitritheora a eisiúint, i leith feithicle a loctar in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin ar a ndéantar cur síos i Sceidil A go D atá ceangailte leis seo;

**(2)** Beidh an táille ar gach Cead Loctha Áitritheora amhail a fhorordóidh Comhairle Cathrach Chorcaí ó thráth go chéile;

**(3)** Beidh Cead Loctha Áitritheora bailí go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ón dáta eisiúna;

**(4)** Is ar an iarratasóir a bheidh an fhreagracht i ndáil le Cead Loctha Áitritheora a athnuachan agus ar rogha na Comhairle;

**Cead Athsholáthair Loctha Áitritheora a Eisiúint**

**26.** I gcás go gcuirtear fianaise ar fáil go ndearnadh Cead Loctha Áitritheora a chailliúint, a scrios nó a ghoid, féadfaidh an Chomhairle cead athsholáthair a eisiúint chuig úinéir ar tháille a íoc - mar a fhorordaíonn Comhairle Cathrach Chorcaí ó thráth go chéile, ach a soláthróidh an t-úinéir sin fianaise inghlactha. Déanfar an cead athsholáthair Loctha Áitritheora a ionadú ar an

gCead bunaidh Loctha Áitritheora, a chlúdóidh an téarma bunaidh dhá mhí dhéag agus beidh an Cead bunaidh Loctha Áitritheora ar neamhní;

**Cead Loctha Áitritheora a Thabhairt ar ais**

**27.** Más rud é, le linn na tréimhse lena mbaineann Cead Loctha Áitritheora,

a) go scoirfidh an sealbhóir de bheith ina c(h)ónaí ag an seoladh lena mbaineann an Cead Loctha Áitritheora,

nó

b) go scoirfidh sé nó sí de bheith ina (h)úinéir ach an fheithicil lena mbaineann an Cead Loctha Áitritheora a dhiúscairt,

tabharfaidh sealbhóir an cheada ar ais láithreach an Cead Loctha Áitritheora don Chomhairle agus beidh an Cead Loctha Áitritheora sin ar neamhní;

**Cead Loctha Áitritheora a Aistriú**

**28. (a)** Sa chás, le linn na tréimhse lena mbaineann Cead Loctha Áitritheora, go scoirfidh an sealbhóir de bheith ina c(h)ónaí laistigh den Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin lena mbaineann an Cead Loctha Áitritheora, cuirfidh sé/sí an t-athrú ar a c(h)úinsí in iúl don Chomhairle agus ach a solathróidh an t-úinéir fianaise Inghlactha, féadfar Cead nua Loctha Áitritheora a chur in ionad an Cheada bunaidh Loctha Áitritheora d’fhuílleach an Cheada reatha Loctha Áitritheora, ar choinníoll go bhfuil an sealbhóir tar éis bogadh chuig Áit nua Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin laistigh de na hÁiteanna Loctha a leagtar amach i Sceidil A go D anseo thíos. Tabharfaidh sé/sí ar ais láithreach an Cead Loctha Áitritheora don Chomhairle agus beidh an cead sin ar neamhní;

(b) Más rud é, le linn na tréimhse lena mbaineann Cead Loctha Áitritheora, go ndéanann sealbhóir an Cheada Loctha Áitritheora

- an fheithicil lena mbaineann an Cead reatha Loctha Áitritheora a dhiúscairt

agus

- go ndéanann sé nó sí feithicil eile a ionadú ar an bhfeithicil a dhéantar a dhiúscairt,

tabharfaidh an sealbhóir sin an Cead reatha Loctha Áitritheora ar ais láithreach don Chomhairle agus beidh sé nó sí incháilithe, faoi réir fianaise inghlactha a sholáthar, chun Cead nua Loctha Áitritheora a fháil le haghaidh fhuíll neamhéagtha an Cheada Loctha Áitritheora i ndáil leis an bhfeithicil nua-fhaighte ach faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céanna sa Chead reatha Loctha Áitritheora.

Beidh an Chomhairle i dteideal táille riaracháin a ghearradh as an gCead nua Loctha Áitritheora a eisiúint. Beidh an táille ar gach Cead Loctha Áitritheora sin amhail a fhorordóidh Comhairle Cathrach Chorcaí ó thráth go chéile;

**Cáipéisí Góchumtha**

**29.** I gcás go gcuireann Áitritheoir nó iarratasóir cáipéisíocht ghóchumtha isteach chun tacú lena (h)iarratas ar Chead Loctha Áitritheora, féadfaidh an Chomhairle, dá lánrogha féin, cinneadh a dhéanamh gan Chead Loctha Áitritheora a eisiúint chuig an iarratasóir/Áitritheoir sin;

**Fianaise Bhreise a chur ar fáil:**

30.(a) Tráth ar bith roimh dhul in éag an Cheada Loctha Áitritheora, féadfaidh an Chomhairle a iarraidh ar an té ar eisíodh Cead Loctha Áitritheora chuige/chuici Fianaise Inghlactha a sholáthar a shásóidh an Chomhairle go raibh an té sin i dteideal an Cead Loctha Áitritheora a fháil nó a bheith i dteideal i gcónaí Cead Loctha Áitritheora a bheith ina s(h)eilbh.

Déantar aon iarraidh den sórt sin i scríbhinn chuig an duine ar eisíodh an Cead Loctha Áitritheora chuige nó chuici ag an seoladh a thug an duine sin ar an bhfoirm iarratais;

**(b)** I gcás nach soláthrófaí Fianaise Inghlactha don Chomhairle laistigh de mhí amháin ó dháta an iarratais i scríbhinn, féadfaidh an Chomhairle, dá rogha féin, a mheas go bhfuil an Cead Loctha Áitritheora neamhbhailí agus an Cead Loctha Áitritheora a chur ar ceal gan fógra breise.

## CUID IV

## COINNÍOLLACHA I nDÁIL LE CEAD LOCTHA DUINE MHÍCHUMASAITHE A ÚSÁID

### Gan Feidhm a bheith le Fodhlíthe i ndáil le Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe

**31.** Ní bheidh feidhm le Fodhlíthe 6(1)(e), 6(4), 9, agus 10 maidir le feithicil a locann duine atá i seilbh Cead bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe i ndáil le feithicil den sórt sin a locadh in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin ar choinníoll go bhfuil an cead ar taispeáint taobh istigh den fheithicil ionas go mbeidh sé le feiceáil go soiléir agus ina iomláine tríd an ngaothscáth tosaigh ón taobh amuigh den fheithicil a loctar mar sin.

### Srian le Locadh i gCuas Loctha do Dhuine Míchumasaithe

**32**. Ná locadh duine feithicil i gCuas Loctha do Dhuine Míchumasaithe ach amháin:

**(A)** go bhfuil Cead reatha Loctha Duine Mhíchumasaithe ar taispeáint go feiceálach laistigh den fheithicil ionas gur féidir a léamh go soiléir tríd an ngaothscáth tosaigh ón taobh amuigh den fheithicil;

agus

**(b)** go bhfuil an fheithicil atá i gceist á húsáid an tráth sin ar mhaithe le caoithiúlacht/leas an duine ar eisíodh an Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe chuige no chuici.

### Oibleagáid i ndáil le Cead bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe a Thaispeáint.

**33. (a)** De réir Fhodhlí 8, i gcás go loctar feithicil in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin le linn uaireanta gnó agus gur sealbhóir Ceada Loctha Duine Mhíchumasaithe é nó í an tiománaí nó paisinéir:

(i) ní foláir Cead Loctha bunaidh Duine Mhíchumasaithe a thaispeáint;

(ii) cuirtear an Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe ar taispeáint laistigh den fheithicil ionas gur féidir a léamh go soiléir agus ina iomláine tríd an ngaothscáth tosaigh ón taobh amuigh den fheithicil;

(iii) ní foláir éadan tosaigh an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe a chur ar taispeáint cúl faoi agus siombail na cathaoireach rothaí ar taispeáint;

**(b)** ní foláir do shealbhóir an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe a chinntiú go mbíonn na sonraí a bhíonn ar éadan an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe inléite i gcónaí.

**(c)** I gcás go bhfuil sealbhóir an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe ag úsáid an lamháltais loctha i gcáil paisinéara, is ar shealbhóir an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe atá sé a chinntiú go bhfuil tiománaí na feithicle ar an eolas faoin riachtanas a bhaineann leis an gCead Loctha Duine Mhíchumasaithe a úsáid.

**(d)** Eisítear an Cead Loctha Duine Mhíchumasaithe chun críche úsáid agus shochar shealbhóir an Cheada Loctha Duine Mhíchumasaithe amháin agus ní cheadaítear a thaispeáint ach amháin i gcás go bhfuil shealbhóir an cheada ag taisteal san fheithicil i gcáil tiománaí nó paisinéara, nó má táthar ag úsáid na feithicle chun shealbhóir an cheada a bhailiú nó fhágáil áit éigin.

**Tréimhse loctha in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin**

**34.** (a) Ná déantar feithicil a loctar in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin le linn uaireanta gnó, a bhfuil Cead bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe ar taispeáint laistigh di, a locadh amhlaidh ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse a léirítear ar an tsín chuí Íoc agus Taispeáin, mar an uastréimhse dá gceadaítear locadh ar an lá sin san Áit sin Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin.

(b) Ná déantar feithicil, a bhfuil Cead bailí Loctha Duine Mhíchumasaithe ar taispeáint laistigh di, a locadh in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin a locadh arís in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin ar an mbóthar poiblí céanna nó sa charrchlós céanna ina bhfuil an Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin suite go dtí **uair an chloig ar a laghad** tar éis don fheithicil an Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin a fhágáil roimhe sin.

**Cur isteach ar Chead Loctha Duine Mhíchumasaithe**

**35.** Sa chás go loctar feithicil in Áit Loctha Ticéad Íoc agus Taispeáin, ná cuireadh duine isteach ar Chead Loctha Duine Mhíchumasaithe.

## CUID V

## CEAD GAN FEIDHM A BHEITH LE MEAISÍNÍ TICÉAD LOCTHA ÍOC agus TAISPEÁIN AGUS/NÓ ÁIT(EANNA) LOCTHA TICÉAD ÍOC agus TAISPEÁIN

**Feidhmiú**

**36.** Ní mór iarratas ar chead gan feidhm a bheith le meaisín(í) ticéad loctha Íoc agus Taispeáin nó le hÁit(eanna) Loctha Ticéad Íoc agus nó le hÁit(eanna) Loctha ar bith laistigh de charrchlós na Comhairle nó ar bhóthar(bhóithre) poiblí mar a shonraítear laistigh de Sceidil A go D de na Fodhlíthe seo a dhéanamh i scríbhinn, sna formáidí a shonraíonn an Chomhairle ó thráth go chéile, do na nithe seo a leanas:

a). scip a leagan síos;
b). cliabhán ardaithe a shocrú;
c). crann tógála a shocrú;
d). feithicil is troime ná 3 thona a shocrú;
e). críocha scannánaíochta agus/nó feithiclí gaolmhara;
f). oibreacha agus/nó feithiclí fóntais;
g). rochtain ar an mbóthar poiblí a oscailt; agus
h). aon chúinsí eile de rogha Chomhairle Cathrach Chorcaí

**Coinníollacha an cheada**

**37.** Beidh an cead, má dheonaítear é, faoi réir aon choinníollacha a shonróidh an Chomhairle i scríbhinn, lena n-áirítear táille/táillí a íocfaidh an té a iarrann an cead;

**Táillí cuí**

**38.** Beidh na táillí cuí is iníoctha as cead amhail a fhorordóidh an Chomhairle.

**Cead a Eisiúint**

**39.** Eiseofar an cead, má dheonaítear é, i scríbhinn mar aon le fógra don ghníomhaireacht forfheidhmiúcháin chuí faoi shonraí an cheada;

## CUID VI
## Locadh d'Fheithiclí Leictreacha agus d'Fheithiclí Club Carr

### Locadh d'Fheithiclí Club Carr

**40. (a) (i)** I gcás go gcuirtear Sín Tráchta Uimh. RRM034 ar fáil, ná stoptar nó ná loctar feithicil.

**(ii)** Ní bheidh feidhm le Fodhlí 40(a) (i) maidir le feithicil a mharcáiltear go soiléir chun a thaispeáint gur feithicil í ar le Club Carr í agus a bhfuil Cead bailí Feithicle Club Carr ar taispeáint go soiléir laistigh di.

**(b)** Ní bheidh feidhm le Fodhlithe 8 go 12 de na Fodhlíthe seo le Feithicil Club Carr a loctar i gCuas Loctha d'Fheithicil Club Carr arna léiriú trí mheán Sín Tráchta RRM 034.

### Locadh d'Fheithiclí Leictreacha

**41. (a) (i)** I gcás go gcuirtear Sín Tráchta Uimh. RRM 035 [Cuas Athluchtaithe d'Fheithicil a Chumhachtaítear go Leictreach] ar fáil, ná stoptar nó ná loctar feithicil.

**(ii)** Ní bheidh feidhm le Fodhlí 41(a) (i) i gcás feithicle ar Feithicil a Chumhachtaítear go Leictreach í, a bhfuil a ceallra á athluchtú.

**(b)** Ní bheidh feidhm le Fodhlithe 8 go 12 de na Fodhlíthe seo le Cuas Athluchtaithe d'Fheithicil a Chumhachtaítear go Leictreach arna léiriú trí mheán Sín Tráchta RRM 035.

**(c)** I gcás go loctar Feithicil a Chumhachtaítear go Leictreach i gCuas Athluchtaithe d'Fheithicil a Chumhachtaítear go Leictreach arna shonrú le Sín Tráchta Uimh. RRM 035, ní cheadaítear an fheithicil a locadh ach amháin ar feadh na tréimhse agus, nuair is cuí, i rith na tréimhse, a léirítear ar an bpláta faisnéise a ghabhann leis an tsín, agus le linn athluchtú na feithicle amháin.

## CUID VII
## Ilghnéitheach

### Gan Feidhm a bheith le Fodhlíthe

**42.** Ní bheidh feidhm ag Fodhlíthe 8-12 de na Fodhlithe seo le:

**(a)** feithicil atáthar a úsáid i ndáil le

(i) bacainn do thrácht a aistriú
(ii) feithicil a aistriú de bhun Alt 97 den An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú,
(iii) feithiclí a dhéanamh doghluaiste agus a scaoileadh saor,
(iv) bóthar poiblí a chothabháil, a fheabhsú, a shíniú, a líneáil nó a atógáil,
(v) córas soilse poiblí nó cothabhála comhartha a chothabháil, a fheabhsú nó a dheisiú,
(vi) (vi) príomhsholáthar draenála, séarachais, píobán nó gaireas chun críche soláthar gáis, ola, uisce nó leictreachais nó seolphíobán nó líne teileagraif, teileafóin nó cumarsáide a athsholáthar, a athrú nó a dheisiú nó Sín Tráchta a sholáthar,
(vii) seoladh dualgas a bhaineann le scéim rothar poiblí a oibriú,
(viii) dualgais ghlanta sráide nó bhainisithe bruscair;

**(b)** feithicil de chuid na briogáide dóiteáin, otharcharr nó feithicil atá Maor Tráchta, maor bruscair, maor glanta sráide nó maor margaidh nó ball an Gharda Síochána nó na bhFórsaí Cosanta a úsáid i bhfeidhmiú a c(h)uid dualgas;

**(c)** feithicil atá an tArdmhéara a úsáid le linn a c(h)uid dualgas;

**(d)** feithicil a ndearnadh damáiste di nó ar chlis uirthi i rith na tréimhse is gá chun deisiúcháin a dhéanamh ar an bhfeithicil nó í a aistriú ón suíomh;

**(e)** feithicil a loctar/a stadtar ar cholbha bóthair phoiblí fad atá paisinéir ag dul isteach inti nó ag teacht amach aisti;

### Srianta le Locadh

**43.(a)** Ná loctar feithicil i rith treimhse a d'fhéadfaí a léiriú ar phláta faisnéise, ar an taobh sin de ród ar cuireadh Sín Tráchta Uimh. RRM 007 (líne aonair bhuí) ar fáil ar feadh a cholbha.

**(b)(i)** Faoi réir pharagraf (b)(ii), i gcás go gcuirtear Sín Tráchta Uimh. RUS 019 (Locadh Srianta) ar fáil ní cheadaítear feithicil a locadh ach amháin ar feadh na tréimhse agus, nuair is cuí, i rith na tréimhse, a léirítear ar an bpláta faisnéise a ghabhann leis an tsín.

I gcás go ndéantar feithicil a aistriú ó áit lena mbaineann paragraf (b)(i) ní cheadaítear í a locadh arís san áit sin laistigh d'uair an chloig tar éis a haistrithe i rith na tréimhse ina mbíonn an srian i bhfeidhm.

**Corr-Thrádáil i gCarrchlóis**

**44.** Ná baintear úsáid as Carrchlóis a shonraítear laistigh de Sceidil A go D de na Fodhlíthe seo chun críche ar bith seachas chun Feithicil Inneallghluaiste a locadh, ach amháin le haghaidh corrthrádála a dhéantar de réir Ceadúnas Corrthrádála a eisíonn an Chomhairle.

**Séanadh**

**45.** Faoi réir Alt 36(13) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994, ní chuirfidh comhlíonadh a fheidhmeanna ag an gComhairle faoin Alt seo nó faoi aon Fhodhlí faoin alt seo an Chomhairle faoi dhliteanas maidir le haon fheithicil in Áit Loctha, nó na nithe a bheidh san fheithicil sin, a chailliúint nó a dhamáistiú.

**Aguisín I**

**Táillí Ticéad Loctha**
**Bóithre Poiblí**

| Taraif | Táille Chuí Loctha | Uastréimhse Loctha | Uair an chloig Feidhme |
|---|---|---|---|
| Crios A<br>[a léirítear le dath dearg ar an léarscáil agus a shonraítear laistigh de Sceideal A, Crios A] | 20c in aghaidh cúig nóiméad déag<br>80c in aghaidh na huaire | Uastréimhse Loctha<br>1 uair an chloig | 8.30am go 6.00pm<br><br>Luan go Satharn mura luaitear a mhalairt |
| Crios B<br>[a léirítear le dath uaine ar an léarscáil agus a shonraítear laistigh de Sceideal A, Crios B] | 20c in aghaidh cúig nóiméad déag<br>80c in aghaidh na huaire | Uastréimhse Loctha<br>3 uair an chloig | 8.30am go 6.00pm<br><br>Luan go Satharn mura luaitear a mhalairt |
| I gcás nach soláthraítear cuasa loctha, is é a bheidh in áit loctha aonad spáis líneach 5 mhéadar ar bhóthar poiblí i Limistéar Loctha Ticéad. | | | |

**Carrchlóis**

| Carrchlós<br>Crios C | Táille Chuí<br>Loctha | Uastréimhse Loctha | Uair an chloig<br>Feidhme |
|---|---|---|---|
| An carrchlós atá suite ó dheas de Bhóthar na hEaglaise agus ar a dtugtar Carrchlós Lion House. [a léirítear le dath uaine ar an líníocht agus a shonraítear laistigh de Sceideal C, Cuid C] | 25c in aghaidh cúig nóiméad déag<br>€1 in aghaidh na huaire<br>€3 in aghaidh an lae | Carrchlós Lion House:<br><br>Gan aon teorainn ama | 8.30am go 6.30pm<br><br>Luan go Satharn mura luaitear a mhalairt |

# Fodhlíthe Chomhairle Contae Chorcaí

# um Rialú Loctha i nDúglas, 2015

# SCEIDIL

## INNÉACS NA SCEIDEAL

**SCEIDEAL (A) - Crios A:** Sráideanna nó cuid de Shráideanna ina bhfuil teorainn le locadh trí mheán síneacha agus agus/nó línte go hAon Uair an Chloig agus faoi réir Ticéad Loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint idir 8.30am agus 6.00pm Luan go Satharn.

**SCEIDEAL (B) - Crios B:** Sráideanna nó cuid de Shráideanna ina bhfuil teorainn le locadh trí mheán síneacha agus agus/nó línte go Trí Uair an Chloig agus faoi réir Ticéad Loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint idir 8.30am agus 6.00pm Luan go Satharn.

**SCEIDEAL (C) - Crios C:** Carrchlóis nach bhfuil teorainn ama loctha iontu ach atá faoi réir, trí mheán síneacha agus/nó línte, Ticéad Loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint:

- Carrchlós Lion House: 8.30am go 6.00pm Luan go Satharn

**SCEIDEAL (D):** Sráideanna nó cuid de Shráideanna ina bhfuil teorainn le locadh trí mheán síneacha agus agus/nó línte d’fhonn locadh Áitritheora a cheadú le linn na n-uaireanta 8.30am agus 6.00pm Luan go Satharn.

## SCEIDEAL A

**<u>Crios A</u>:** Sráideanna nó cuid de Shráideanna ina bhfuil teorainn le locadh trí mheán síneacha agus agus/nó línte go hAon Uair an Chloig agus faoi réir Ticéad Loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint idir 8.30am agus 6.00pm Luan go Satharn.

Bóthar Charraig Uí Leighin
Sráid na hEaglaise
Bóthar na hEaglaise
Sráid Dhúglais Thoir

## SCEIDEAL B

**<u>Crios B</u>:** Sráideanna nó cuid de Shráideanna ina bhfuil teorainn le locadh trí mheán síneacha agus agus/nó línte go Trí Uair an Chloig agus faoi réir Ticéad Loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint idir 8.30am agus 6.00pm Luan go Satharn.

Bóthar Charraig Uí Leighin
Bóthar na hEaglaise
Lána na Reilige
Sráid Dhúglais Thoir
Elm Grove
Lána Galway
Grosvenor Mews
Sráid Dhúglais Thiar

## SCEIDEAL C

**<u>Crios C</u>:** Carrchlóis nach bhfuil teorainn ama loctha iontu ach atá faoi réir, trí mheán síneacha agus/nó línte, Ticéad Loctha Íoc agus Taispeáin a thaispeáint:

- An carrchlós atá suite ó dheas de Bhóthar na hEaglaise agus ar a dtugtar Carrchlós Lion House: 8.30am go 6.00pm Luan go Satharn

**SCEIDEAL D**

Sráideanna nó cuid de Shráideanna ina bhfuil teorainn le locadh trí mheán síneacha agus agus/nó línte d'fhonn locadh Áitritheora a cheadú le linn na n-uaireanta 8.30am agus 6.00pm Luan go Satharn.

Bóthar Charraig Uí Leighin
Bóthar na hEaglaise
Sráid na hEaglaise
Lána na Reilige
Sráid Dhúglais Thoir
Elm Grove
Lána Galway
Grosvenor Mews
Sráid Dhúglais Thiar

An carrchlós atá suite ó dheas de Bhóthar na hEaglaise agus ar a dtugtar Carrchlós Lion House

**ARNA DHÉANAMH AGUS ARNA GHLACADH FAOI SHÉALA COMÓNTA CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ**

**AN _____________ LÁ SEO DE _____________________ 2020**

**I LÁTHAIR NUAIR A GHREAMAÍODH SÉALA COMÓNTA CHOMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ DE SEO:-**

__________________________________________